



An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2020
(OR. en)

8274/20

AUDIO 20
EDUC 198
SOC 328
DIGIT 41
INFO 8
DISINFO 6

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	7684/20+COR 1
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin i ndomhan atá ag síorathrú

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin i ndomhan atá ag síorathrú, a ghlac an Chomhairle trí nós imeachta i scríbhinn an 25 Bealtaine 2020, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/556 ón gComhairle.

Cuirfear na conclúidí ón gComhairle ar aghaidh lena bhfoilsíú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar a chinn Coiste na mBuanionadaithe an 14 Bealtaine 2020.

Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin i ndomhan atá ag síorathrú

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH AICI:

1. an cúlra polaitiúil mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn;

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:

2. go bhfuil athruithe móra déanta ag an dul chun cinn teicneolaíoch agus digiteach ar ár saol. Tá athrú mór déanta ag ardáin nua meán agus cumarsáide ar chaidrimh shóisialta agus chumarsáide, tá tionchar imeartha acu ar na tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha, agus tá athrú déanta acu ar thírdhreach na meán agus ar an mbealach a dtáirgtear, a ndáiltear agus a n-úsáidtear an t-ábhar. Tá deiseanna suntasacha nua tugtha aige do shaoránaigh na hEorpa chun cumarsáid a dhéanamh agus chun cineálacha éagsúla inneachair a aimsiú, a chruthú agus a dháileadh;
3. go dtarlaíonn athruithe digiteacha agus teicneolaíocha ar bhealach leanúnach nach féidir a thuair, agus fágann sin gur gá do shaoránaigh agus don tsochaí araon coigeartú gan staonadh a dhéanamh. Na nuálaíochtaí a chuireann feabhas ar an saol, lena n-áirítear an t-aistriú digiteach agus forbairt na meán agus na n-ardán cumarsáide, bíonn iarmhairtí orthu ar gá aghaidh a thabhairt orthu;
4. i dteannta na mbuntáistí iomadúla agus na n-éifeachtaí dearfacha a bhaineann le héiceachóras nua na meán, go bhfuil méadú tagtha freisin ar an méid bréagaisnéise, ionramhála agus fuathchainte atá ann;

5. in éiceachóras na meán nua, go mbíonn saoránaigh báite san fhaisnéis agus go bhféadfadh sé go mbeadh deacracht acu an nuacht a thuiscint agus faisnéis chruinn a fháil, chomh maith le foinsí iontaofa nuachta, agus inneachar ardchaighdeán go ginearálta;
6. mar thoradh ar shaoránaigh a nochtadh do mhéid mór bréagaisnéise, go háirithe le linn géarchéim mhór dhomhanda, amhail paindéim COVID-19, go leagtar béim ar an tábhacht atá le cur chuige córasach i leith litearthacht sna meáin a fhorbairt, an tábhacht atá le comhoibriú idir ardáin ar líne, saineolaithe agus údarais inniúla, chomh maith leis an tábhacht atá le nós imeachta neamhspleách seiceála fíricí a cheapadh chun srian a chur le scaipeadh feachtas bréagaisnéise ar líne, fad is a urramaítear saoirse tuairimí a nochtadh;
7. ar na saolta seo, nach mór cuid mhór eolais agus scileanna aonair agus sochaíocha a shealbhú chun go mbeidh saoránaigh de gach aois in ann rochtain a bheith acu ar fhaisnéis, í a roghnú, a thuiscint agus a úsáid go sofaisticiúil agus go freagrach, chomh maith le cineálacha difriúla meán, idir ábhar gairmiúil agus ábhar ó úsáideoirí, ar gach aon chineál bealaigh agus ardáin dáileacháin nó chumarsáide;
8. gur litearthacht sna meáin atá sna cumais seo go léir, a thuigtear mar nath cainte uile-ghabhálach a chuimsíonn na hacmhainneachtaí teicniúla, cognaíocha, sóisialta, sibhialta, eiticiúla agus cruthaitheacha a ligeann do shaoránaigh faisnéis agus meáin a rochtain agus a úsáid go héifeachtach, agus inneachar meán a chruthú agus a chomhroinnt trí ardáin éagsúla go sábháilte agus go freagrach. Ní hí an oiliúint ar uirlisí agus teicneolaíochtaí an teorainn is ceart a bheith leis an litearthacht sna meáin, ach ba cheart di na saoránaigh a chumasú leis na scileanna smaointeoireachta criticiúla atá ag teastáil chun breithiúnas a thabhairt, chun anailís a dhéanamh ar réaltachtaí casta agus chun an difríocht idir tuairimí agus fíricí a aithint. Ligeann na hacmhainneachtaí seo go léir do shaoránaigh páirt a ghlacadh i ngnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha na sochaí, agus ról gníomhach a bheith acu i bpróiseas an daonlathais¹;

¹ I bhfianaise na sainmhínte a leagtar amach i misean an Ghrúpa Saineolaithe maidir le Litearthacht Meán agus sa leagan athbhreithnithe de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:

9. ar aon dul le dúshlán eile an lae inniu, gur leag paidéim COVID-19 béim ar an ngá atá le foinsí iontaofa faisnéise agus ar an ngá atá le trédhearcacht ó thaobh ardáin ar líne de; go bhfuil sé ríthábhachtach anois saoránaigh a chumhachtú leis na scileanna is gá chun bréagaisnéis a bhainistiú;
10. agus an méid ollmhór faisnéise atá ar fáil ar an idirlíon á chur san áireamh, go bhfuil ríthábhacht le halgartaim chun an fhaisnéis sin a eagrú agus chun gur féidir an t-inneachar a spriocdhíriú agus eispéireas ábhartha pearsanaithe a chur ar fáil do na húsáideoirí;
11. ag an am céanna, go bhféadfadh an easpa trédhearcachta agus úsáid algartam gan measúnuithe iomchuí riosca agus tionchair fadhb na bréagaisnéise a chur chun donais, chomh maith le gáifeachas, inneachar antoisceach agus iriseoireacht chlicmheallta a spreagadh;
12. go bhféadfadh tionchar na n-algartam ar bhealaí scaipthe agus ar roghnú na bhfaighteoirí tionchar mór a imirt ar mheon an phobail, an t-idirphlé sochpholaitiúil a mhúnlú agus fiú deighilt shóisialta a chothú;
13. go bhfuil **an méadú ar an méid** inneachair ar líne lena mbaineann fuathchaint, gríosú chun foréigin nó fuatha, cibearbhulaíocht agus ábhar neamhdhleathach agus/nó díobhálach eile ina dhúshlán roimh an tsochaí;
14. i ngeilleagar domhanda sonraíbhunaithe na meán digiteach, go bhféadfadh staid cheannasach margaidh roinnt imreoirí domhanda agus na patrúin algartaim a úsáideann ardáin ar líne iolrachas na meán agus éagsúlacht an inneachair a chur i mbaol;
15. go bhfuil tionchar ag fás tapa agus ag athruithe leanúnacha in éiceachóras na meán ar iontaoibh as na meáin, agus go bhféadfadh sé brú a chur ar na meáin ghairmiúla agus ar chaighdeán iriseoireachta freisin.

Á THABHAIRT DÁ hAIRE:

16. nach raibh an litearthacht sna meáin, agus an acmhainneacht atá ionainn tuiscint chriticiúil a bheith againn ar na meáin agus idirghníomhú leo go freagrach, chomh tábhachtach riamh agus atá siad i saol an lae inniu atá thíos le paidéim COVID-19, ní hamháin chun an tsláinte phoiblí a chosaint ach chun athléimneacht sochaithe daonlathacha a áirithiú agus rannpháirtíocht dhaonlathach a fheabhsú freisin;
17. gur gá dlús a chur leis an obair maidir le saoránaigh de gach aois a chumhachtú le litearthacht sna meáin agus leis an smaointeoireacht chriticiúil, agus éagsúlacht chultúrtha agus difríochtaí suntasacha i litearthacht sna meáin agus san inniúlacht dhigiteach i gcoitinne i measc Bhallstáit an Aontais á gcur san áireamh ag an am céanna;
18. go bhfuil forbairt leanúnach na meán agus na dteicneolaíochtaí cumarsáide nua ag méadú an éilimh ar chur chuige nua maidir le litearthacht sna meáin, go háirithe san fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta;
19. nach mór samhlacha nua foghlama ar feadh an tsaoil i litearthacht sna meáin a cheapadh, agus deiseanna praiticiúla a chur ar fáil do dhaoine de gach aois na scileanna a bhfuil gá leo a fhoghlaim chun tírdhreach fíorchasta chumarsáid na meán a thuiscint agus le hoibriú ann, trí chlár a bheadh saincheaptha do spriocghrúpaí éagsúla, a d'fhéadfadh a bheith aois-sonrach agus/nó comhthéacs-sonrach;
20. gur gá an rannpháirteachas i litearthacht sna meáin a leathnú go geallsealbhóirí atá in ann saoránaigh de gach aois a shroicheadh, amhail institiúidí cultúir (e.g. leabharlanna, iarsmalanna, agus pictiúrlanna) a bhfuil rochtain acu ar an mbonneagar ábhartha agus a bhfuil mórán muiníne ag an bpobal astu; ba cheart na dreamanna sin a spreagadh a thuilleadh chun litearthacht sna meáin a threisiú trína seirbhísí agus trína ngníomhaíochtaí;
21. go mbíonn tionchar mór ag eagraíochtaí meán, go háirithe na meáin seirbhíse poiblí, agus ag eagraíochtaí iriseoireachta ar an tsochaí agus go bhféadfadh ról níos suntasaí a bheith acu ó thaobh feasacht an phobail ar thábhacht na litearthachta sna meáin a chur chun cinn, a threisiú agus a mhúscailt;

22. go bhféadfaidh gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha náisiúnta, go háirithe na húdaráis rialála meán náisiúnta, i gcomhthreo leis na gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanann siad trí Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Closamhairc (ERGA), ag brath ar an gcreat dlíthiúil náisiúnta ina n-oibríonn siad, ról tábhachtach a bheith acu sa mhéid is go bhfuil na hinniúlachtaí agus an seasamh acu chun tionscnaimh um litearthacht sna meáin a chur chun cinn, a eagrú agus a chomhordú go gníomhach agus chun geallsealbhóirí a thabhairt le chéile, agus chun rannchuidiú go mór chun aghaidh a thabhairt ar bhréagaisnéis;
23. go rannchuidítear leis an daonlathas a chosaint trí iriseoireacht ghairmiúil, meáin neamhspleácha, tuairisciú iniúchach agus iolrachas sna meáin a neartú, trí rochtain na saoránach ar fhoinsí faisnéise ar ardcháilíocht, inchreidte agus éagsúlaithe a éascú agus trí mhuinín an phobail a chothú;
24. go bhfuil sé tábhachtach tionscal na meán san Eoraip a spreagadh agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn á n-úsáid sa mhéid a bhaineann le forbairt inneachair, bealaí dáileacháin, bailiú agus anailís sonraí, chun lucht féachana níos leithne a mhealladh agus cabhrú leis an tionscal rochtain a fháil ar ábhar éagsúil ar ardcháilíocht agus iolrachas sna meáin a chothú;
25. go bhfuil sé tábhachtach leanúint de bhéim a leagan ar an ngá atá le caighdeán níos airde a bhaint amach ó thaobh freagrachta agus trédhearcachta d'ardáin ar líne, maidir le tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun úsáideoirí a chosaint ó inneachar neamhdhleathach agus díobhálach agus ó bhréagaisnéis, agus saoirse tuairimí a nochtadh á hurramú ag an am céanna;
26. an tábhacht a bhaineann leis na hardáin ar líne a bheith ag obair i gcomhar leis na húdaráis phoiblí, baineann sí le cineálacha éagsúla faisnéise, mar shampla faisnéis maidir le halgartaim agus tacaí sonraí, lena bhféadfaí faireachán éifeachtach ar ardáin a éascú chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna bréagaisnéise;

27. le cur chuige trasearnála chun litearthacht na saoránach sna meáin a chumhachtú, chomh maith le dul chun cinn digiteach agus teicneolaíoch na meán agus na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheach, go neartófar úsáideoirí agus cruthaitheoirí inneachair araon, agus go mbeidh tionscal na meán níos cruthaithí agus níos iomaíche mar thoradh air sin;
28. chun litearthacht sna meáin a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis, go n-iarrtar cur chuige córasach, straitéiseach agus cuimsitheach ó na Ballstáit uile, chomh maith le comhar idir-earnála idir na geallsealbhóirí éagsúla.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA AGUS PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA Á CHOMHLÍONADH GO CUÍ ACU, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

29. oibriú go córasach chun feacht an phobail a mhúscailt maidir le tábhacht na litearthachta sna meáin agus chun tacú le forbairt leanúnach na mbeartas um litearthacht sna meáin agus lena gcur chun feidhme;
30. tacú le bunú agus le forbairt na líonraí um litearthacht sna meáin (ar bhonn náisiúnta, réigiúnach, áitiúil, téamach) chun na geallsealbhóirí ábhartha a thabhairt le chéile agus chun cur ar a gcumas comhoibriú le chéile agus tionscadail agus tionscnaimh um litearthacht sna meáin, a bheidh inbhuanaithe agus inmharthana, a fhorbairt;
31. cur chuige d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil maidir le litearthacht sna meáin a fhorbairt do gach aois agus tacaíocht a thabhairt sa chomhthéacs sin do threoirthionscadail agus do thionscadail taighde, chun modheolaíochtaí, gníomhaíochtaí agus inneachar nua a chruthú nó a fhorbairt agus a mheasúnú, a bheidh oiriúnaithe do riachtanais shonracha na spriocghrúpaí;
32. tacú le forbairt agus le comhroinnt ábhar múinteoireachta agus oiliúna don litearthacht sna meáin agus le forbairt cur chuige chórasaigh chun feabhas a chur ar inniúlachtaí na ngairmithe i réimsí difriúla (e.g. leabharlannaithe, foirne iarsmalainne, oibrithe óige, múinteoirí, gairmithe na litearthachta sna meáin, iriseoirí), le go mbeidh ar a gcumas cur leis an ról tábhachtach atá acu maidir le litearthacht na saoránach sna meáin a fhorbairt;

33. institiúidí cultúrtha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí iriseoireachta a spreagadh chun cláir foghlama ar feadh an tsaoil um litearthacht sna meáin a chomhtháthú agus chun gach uile chineál eagraíocht meáin a chothú, go háirithe meáin na seirbhísí poiblí, chun tionscnaimh um litearthacht sna meáin a fhorbairt agus a chur chun cinn agus chun páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus i dtionscadail geallsealbhóirí eile;
34. leanúint d'fhéachaint ar dheiseanna chun an iriseoireacht ghairmiúil a chur chun cinn agus a chothú mar ghné inbhuanaithe de thimpeallacht dhigiteach dhomhanda na meán;
35. feabhas a chur ar na samhlacha oiliúna atá ann cheana, agus más gá cinn nua a cheapadh, chun scileanna digiteacha a fhorbairt i dtionscail chultúrtha agus chruthaitheacha san Eoraip chun úsáid éifeachtach a bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha agus cos a choinneáil leis an dul chun cinn teicneolaíoch.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

36. coincheap na Seachtaine Eorpaí um Litearthacht sna Meáin a neartú agus a fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit, agus rannpháirtíocht san imeacht sin a chur chun cinn;
37. sásraí a fhorbairt, laistigh den Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha a bheidh ann amach anseo, chun comhar agus malartú saorálach smaointe agus cleachtas i litearthacht sna meáin a éascú idir réimse éagsúil geallsealbhóirí;
38. céimeanna breise a mholadh, a d'fhéadfaí a thabhairt chun teacht ar réitigh fhadtéarmacha, chórasacha, éifeachtúla chun aghaidh a thabhairt ar bhréagaisnéis, bunaithe ar thoradh an taighde chuimsithigh atá ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí agus ar an anailís ar bhearta a glacadh cheana, lena n-áirítear an aird chuí a thabhairt ar an obair a rinne Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Closamhairc sa réimse sin agus ar an gcomhar atá riachtanach idir na húdaráis rialála náisiúnta;

39. machnamh a dhéanamh, i gcomhthéacs Phlean Gníomhaíochta an Aontais 2020-2024 maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas a foilsíodh le déanaí agus i bhfianaise ullmhúchán an Ghnímh nua um Sheirbhísí Digiteacha, Phlean Gníomhaíochta an Daonlathais Eorpaigh agus Phlean Gníomhaíochta na Meán agus chlosamhairc, ar an ngá atá le modhanna níos éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna bréagaisnéise gan bac a chur ar chosaint na gceart bunúsach, i gcomhthéacs inar príomhphrionsabal é trédhearcacht agus freagracht na n-ardán;
40. a áirithiú go gcuirfí sonraíochtaí áitiúla agus acmhainneachtaí na mBallstát difriúla san áireamh chomh maith leis an ngá atá le comhar fairsing idir na geallsealbhóirí uile ar fud na mBallstát, ionas go mbeidh na bearta féideartha infheidhme agus éifeachtach agus go bhféadfaí iad a fhíorú go héifeachtúil agus go neamhspleách;
41. critéir chórasacha agus próisis mheastóireachta a fhorbairt, i gcomhar leis na Ballstáit, le haghaidh tionscadail agus tionscnaimh um litearthacht sna meáin, atá cistithe ag an Aontas, agus modheolaíocht aonfhoirmeach chomparáideach a fhorbairt do na Ballstáit agus iad ag tuairisciú ar fhorbairt na litearthachta sna meáin, faoi chuimsiú na dtreoirlínte a bheidh ann amach anseo dá bhforáiltear i dTreoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc (athbhreithnithe), atá le heisiúint ag an gCoimisiún tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Teagmhála.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR NA BALLSTÁIT, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA AGUS PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA Á CHOMHLÍONADH GO CUÍ ACU, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

42. leanúint dá n-iarrachtaí agus tabhairt faoi iarrachtaí breise i dtéarmaí cur chuige córasach, cuimsitheach agus trasearnála maidir le litearthacht sna meáin a fhorbairt agus feasacht a mhúscailt faoin tábhacht a bhaineann le litearthacht sna meáin; ba cheart do thacaíocht ar leibhéal an Aontais a bheith ag gabháil leis na hiarrachtaí náisiúnta a dhéantar i ndáil leis an méid sin, tionscnaimh le haghaidh cistithe san áireamh;
43. leas níos fearr a chothú i ndáil leis na féidearthachtaí a thairgtear le cistí an Aontais agus le cláir an Aontais chun tacú le hoideachas sna meáin agus le tionscadail agus tionscnaimh éagsúla litearthachta sna meáin (e.g. tacaíocht do na meáin tríd an gclár Eoraip na Cruthaitheachta, go háirithe an ghníomhaíocht nua maidir le tacaíocht do na meáin) agus chun foinsí cistithe breise a fhorbairt chomh maith le sineirgí a chruthú idir cláir ábhartha an Aontais;
44. a áirithiú go gcoimeádfaidh na bearta um litearthacht sna meáin lena ndírítear ar mhionlaigh faoin Straitéis i ndáil le hIdirlíon níos fearr do Leanaí cos leis an timpeallacht dhigiteach atá de shíor ag athrú;
45. taighde córasach rialta ar litearthacht sna meáin agus tionchar ardáin na meán agus na n-ardán digiteach (e.g. taighde córasach ar bhearta agus ar thionscnaimh um litearthacht sna meáin) a mhaoiniú agus a chothú; taighde ar thionchar ardáin nua na meán agus na n-ardán nua cumarsáide ar dhea-bhail na saoránach; taighde ar fheidhmiú algartaim agus ar intleacht shaorga agus an tionchar atá acu ar thuairimí an phobail, ar shaol daoine, agus ar an úsáid a bhaintear as na meán, chomh maith le taighde ar thionscal meán agus closamhairc na hEorpa);
46. tacú leis an tionscal closamhairc ardáin Eorpacha inneachair agus dáileacháin ar ardcháilíocht a fhorbairt, agus aird á tabhairt ar thionchar eacnamaíoch phaindéim COVID-19 ar an earnáil chlosamhairc i gcoitinne;
47. ardáin agus eagraíochtaí meán a spreagadh comhoibriú le chéile chun uirlisí agus próisis a fhorbairt a chuirfidh infheictheacht agus so-aimsitheacht foinsí nuachta ar ardcháilíocht chun cinn, chomh maith le hinfeictheacht agus so-aimsitheacht inneachair closamhairc Eorpaigh ar ardcháilíocht.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Doiciméid ábhartha bheartais

An Chomhairle Eorpach

- Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 18 Deireadh Fómhair 2018, EUCO 13/18
- Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 13 agus an 14 Feabhra 2018 (EUCO 17/18)
- Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 agus an 22 Márta 2019 (EUCO 1/19)
- Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 20 Meitheamh 2019, EUCO 9/19
- *Clár Oibre Straitéiseach nua 2019-2024* (a ghlac an Chomhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2019)

An Chomhairle

- *Conclúidí ón gComhairle i ndáil le cur chuige Eorpach maidir leis an litearthacht meán sa timpeallacht dhigiteach* (IO C 140, 6.6.2008, lch. 8)
- *Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht meán sa timpeallacht dhigiteach* (IO C 301, 11.12.2009, lch. 12)
- *Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le saoirse agus iolrachas na meán sa timpeallacht dhigiteach* (IO C 32, 4.2.2014, lch. 6)
- *Conclúidí ón gComhairle maidir le Beartas Closamhairc na hEorpa san Aois Dhigiteach* (IO C 433, 3.12.2014, lch. 2)

- *Conclúidí ón gComhairle maidir le crosmhalartuithe ó earnáil an chultúir agus ó earnáil na cruthaitheachta chun an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht eacnamaíochta agus an cuimsiú sóisialta a spreagadh (IO C 172, 27.5.2015, lch. 13)*
- *Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt tríd an oideachas agus an oiliúint (IO C 212, 14.6.2016, lch. 5)*
- *Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar an gcultúr trí mheáin dhigiteacha a chur chun cinn agus béim ar leith ar fhorbairt an lucht éisteachta/féachana (IO C 425, 12.12.2017, lch. 4)*
- *Moladh ón gComhairle maidir le hinniúlachtaí lárnacha d'fhoghlaím ar feadh an tsaoil (IO C 189, 4.6.2018, lch. 1)*
- *Conclúidí ón gComhairle maidir le hinneachar Eorpach sa gheilleagar digiteach a neartú (IO C 457, 19.12.2018, lch. 2)*
- *Conclúidí ón gComhairle agus ó na Ballstáit maidir lena áirithiú go mbeidh toghcháin shaora chóra Eorpacha ann (6573/1/19 REV 1, a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta i mí Feabhra 2019)*
- *Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Daonlathas, (12836/19, a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha i mí Dheireadh Fómhair 2019)*
- *Conclúidí ón gComhairle maidir le hiarrachtaí comhlántacha chun an athléimneacht a fheabhsú agus chun bagairtí hibrídeacha a chomhrac (14972/19, a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta i mí na Nollag 2019)*

An Coimisiún

Teachtaireachtaí

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún - *European Strategy for a Better Internet for Children* [Straitéis Eorpach le haghaidh Idirlíon Níos Fearr do Leanaí], COM(2012) 196 final
- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – *A Digital Single Market Strategy for Europe* [Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach don Eoraip], COM(2015) 192 final
- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún - *Online Platforms and the Digital Single Market. Opportunities and Challenges for Europe* [Ardáin ar Líne agus an Margadh Digiteach Aonair. Deiseanna agus Dúshlán don Eoraip], COM(2016) 288 final
- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún - *Tackling Illegal Content Online. Towards an enhanced responsibility of online platforms* [Dul i nGleic le hÁbhar Neamhdhleathach ar Líne. I dtreo freagracht fheabhsaithe d’ardáin ar líne], COM(2017) 555 final
- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – *Tackling online disinformation: a European Approach* [Dul i ngleic leis an mbréagaisnéis ar líne: cur chuige Eorpach], COM(2018) 236 final

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – *Artificial Intelligence for Europe* [Intleacht Shaorga don Eoraip] COM(2018) 237 final
- Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme na teachtaireachta, dar teideal *Tackling online disinformation: a European Approach* [Dul i ngleic leis an mbréagaisnéis ar líne: cur chuige Eorpach], COM(2018) 794 final

Teachtairachtaí Chomhphárteacha ón gCoimisiún Eorpach/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála

- Teachtaireacht Chomhphárteach chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – *Action Plan Against Disinformation* [Plean Gníomhaíochta i gcoinne na Bréagaisnéise] JOIN(2018) 36 final
- Teachtaireacht Chomhphárteach chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – *Report on the implementation of the Action Plan Against Disinformation* [Tuarascáil ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta i gcoinne na Bréagaisnéise], JOIN(2019) 12 final
- Teachtaireacht Chomhphárteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – *EU Action Plan on Human Rights and Democracy 2020-2024* [Plean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024], JOIN (2020) 5 final

- *Mapping of media literacy practices and actions in EU-28* [Cleachtais agus gníomhaíochtaí litearthachta sna meáin in AE-28 a mhapáil] (an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc, 2016)
- *Towards European Media Sovereignty. An Industrial Media Strategy to Leverage Data, Algorithms and Artificial Intelligence* [I dtreo Cheannasacht na Meán Eorpach. Straitéis na Meán Tionsclaíoch chun Sonraí, Algartaim agus an Intleacht Shaorga a Ghiaráil] (Guillaume Klossa, 2019)
- *Report of the activities carried out to assist the European Commission in the intermediate monitoring of the Code of Practice on Disinformation* [Tuarascáil ar na gníomhaíochtaí a rinneadh chun cabhrú leis an gCoimisiún Eorpach faireachán idirmheánach a dhéanamh ar an gCód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis] (Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2019)
- *Implementation of the revised AVMS Directive* [Cur Chun Feidhme na Treorach athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMS)] (Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2019)
- *Falling behind: How social media companies are failing to combat inauthentic behaviour online* [Titim ar gcúl: An chaoi a bhfuil ag cliseadh ar chuideachtaí na meán sóisialta iompar neamhbharantúil ar líne a chomhrac] (Ionad Barr Feabhais ECAT don Chumarsáid Straitéiseach, 2019)
- *Study on media literacy and online empowerment issues raised by algorithm-driven media services* [Staidéar ar litearthacht sna meáin agus saincheisteanna cumhachtaithe ar líne arna n-ardú ag seirbhísí na meán algartamthiomáinte] (SMART 2017/0081) (RAND Europe agus Open Evidence, 2019)
- *ERGA Report on disinformation: Assessment of the implementation of the Code of Practice* [An Tuarascáil ó ERGA maidir le bréagaisnéis: Measúnú ar chur chun feidhme an Chóid Cleachtais] (2020)